WESTMEATH COUNTY COUNCIL
Comhairle Chontae na h-Iarmhí

# CUID XI DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)
# CUID 8 DE NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 (ARNA LEASÚ)

Tugtar fógra, leis seo go mbeartaíonn Comhairle Contae na hIarmhí tabhairt faoin bhforbairt a ndéantar cur síos uirthi thíos:-

**Láthair na forbartha Taistil Ghníomhaigh a bheartaítear:**

An R916 Bóthar na hOllscoile, Bóthar Charraig an Chaisleáin agus Bóthar Ghort na dTor, Baile Átha Luain, thart ar 2.3km ar fad.

**Cineál agus méid na forbartha a bheartaítear:**

- Raon rothar scartha aontreo 2.2m ar leithead a sholáthar ar an dá thaobh den charrbhealach, a dtiocfaidh laghdú air in áiteanna a bhfuil srianta iontu.
- Cosáin 2.2m ar leithead a sholáthar ar an dá thaobh den charrbhealach, a dtiocfaidh laghdú orthu in áiteanna a bhfuil srianta iontu.
- Carrbhealach feithiclí 6m ar leithead, ina mbeidh gach lána 3m ar leithead, ar a laghad.
- Athailíniú acomhail agus trasbhealaí ardaithe a thabhairt isteach ar gach taobh-bhóthar.
- Trasbhealaí lána/raoin rothar díreach tríd ag acomhail taobh-bhóithre.
- Trasbhealaí faoi rialú soilse tráchta a sholáthar do choisithe agus rothaithe.
- Uasghrádú ar Thimpeallán Charraig an Chaisleáin agus Timpeallán Altown go ndéanfar timpealláin díobh ag a ndéanfar soláthairtí do choisithe agus rothaithe.
- Tírdhreachú a sholáthar feadh an bhealaigh.

Rinneadh **Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (AA)** ar fhorbairt Chuid 8 a bheartaítear faoin Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus rinneadh **Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA)** ar an bhforbairt faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2025. Níor sainaithníodh aon éifeachtaí suntasacha dóchúla i rith phróiseas Scagtha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus EIA. Ar an ábhar sin, níl aon ghá leanúint ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta ná le Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a chur le chéile. Anuas air sin, ní cineál forbartha í an fhorbairt a bheartaítear óna dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Tuarascáil Mheasúnachta Tionchair Timpeallachta a ullmhú ina dhiaidh sin de réir na n-aicmí forordaithe forbartha agus na dtairseach a leagtar amach i Sceideal 5 na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú). Is féidir le haon duine, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún Pleanála ar chinntiúchán scagtha maidir le cibé acu ar dhóchúil nó nár dhóchúil go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol.

Tá Pleananna agus Sonraí na forbartha a bheartaítear ar fáil lena n-iniúchadh ag https://consult.westmeathcoco.ie/en agus is féidir iad a iniúchadh nó a cheannach, ar tháille nach mó ná an costas réasúnta ar chóip a dhéanamh, ag oifigí **Chomhairle Contae na hIarmhí, Áras an Chontae, Sráid an Mhóta, An Muileann gCearr, N91 FH4N** agus ag An Ionad Cathrach, Sráid an Teampaill, Baile Átha Luain, N37 DN02 idir 9.30 r.n. agus 4.00 i.n. gach lá, seachas ag deirí seachtaine agus Saoirí Bainc, ón **5 Bealtaine 2026 go dtí an 2 Meitheamh 2026.**

Is féidir aighneachtaí nó breathnóireacht i dtaca leis an bhforbairt a bheartaítear a dhéanamh trí Thairseach Chomhairliúcháin na Comhairle ag https://consult.westmeathcoco.ie/en nó is féidir aighneachtaí nó breathnóireacht scríofa i dtaca leis an bhforbairt a bheartaítear a sheoladh freisin chuig **An tOifigeach Riaracháin, An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae na hIarmhí, Áras an Chontae, An Muileann gCearr, Contae na hIarmhí, N91 FH4N** go mbainfidh siad tráth nach déanaí ná **4.00 i.n. an 16 Meitheamh 2026** amach.

Ba cheart **'Scéim Taistil Ghníomhaigh LAA1 2026 Chorr na Madadh go Carraig an Chaisleáin (Bealach F) Baile Átha Luain'** a scríobh ar aighneachtaí

Beidh aighneachtaí nó breathnóireacht scríofa a gheofar mar chuid de thuarascáil reachtúil a chuirfear faoi bhráid cruinniú Chomhairle Contae na hIarmhí agus beidh siad mar chuid de dhoiciméad poiblí. Is féidir an fhaisnéis in aighneachtaí a chur ar fáil d'iniúchadh poiblí ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ag cuntar poiblí na Comhairle. Is féidir sonraí, ainmneacha iad siúd a dhéanann aighneachtaí san áireamh, a roinnt le Rannóga cuí Comhairle nó lena ngníomhairí atá bainteach i bpróiseas seo Chuid 8.

# PART XI PLANNING & DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)
# PART 8 PLANNING & DEVELOPMENT REGULATIONS 2001 (AS AMENDED)

Notice is hereby given by Westmeath County Council propose to carry out the development as described below:-

**Location of the proposed Active Travel development:**

R916 University Road, Garrycastle Road and Bushfield Road, Athlone, approximately 2.3km long.

**Nature and extent of the proposed Development:**

- The provision of a 2.2m wide one-way segregated cycle track both sides of the carriageway, reducing in places where constraints exist.
- The provision of 2.0m wide footpaths on both sides of the carriageway, reducing in places where constraints exist.
- Vehicular carriageway width of 6m, minimum width of 3m per lane.
- Junction realignments and the introduction of raised crossings on all side roads.
- Straight through cycle lane/track crossings on side road junctions.
- The provision of signalised crossings for pedestrians and cyclists.
- Upgrading of the Garrycastle Roundabout and Altown Roundabout to roundabouts with provisions for pedestrians and cyclists.
- The provision of landscaping along the route.

The proposed Part 8 development has undergone **Appropriate Assessment (AA)** Screening under the Habitats Directive (92/43/EEC) and an **Environmental Impact Assessment (EIA)** Screening under Planning and Development Regulations 2001-2025. No likely significant effects were identified during the AA and EIA Screening processes. Therefore, there is no requirement to proceed to the next stage of AA or for a Natura Impact Statement (NIS) to be produced. In addition, the proposed development is not a type of development that triggers the requirement for an EIA and subsequent preparation of an EIA Report as per the prescribed classes of development and thresholds set out in Schedule 5 of the Planning and Development Regulations 2001 (as amended). Any person may, within 4 weeks from the date of publication of this notice, apply to An Coimisiún Pleanála for a screening determination as to whether the proposed development would be likely to have significant effects on the environment.

Plans and Particulars of the proposed development are available for inspection at https://consult.westmeathcoco.ie/en and can be inspected or purchased, at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy, at the offices of **Westmeath County Council, Aras An Chontae, Mount Street, Mullingar, N91 FH4N** and at the **Civic Centre, Church Street, Athlone, N37 DN02** between the hours of 9.30a.m. to 4.00p.m. each day, excluding weekends and Bank Holidays, from **05 May 2026 to 02 June 2026.**

Submissions or observations with respect to the proposed development may be made via the Council's Consultation Portal at https://consult.westmeathcoco.ie/en or written submissions or observations in relation to the proposed development, may also be submitted to **Administrative Officer, Planning Department, Westmeath County Council, Áras an Chontae, Mullingar, Co. Westmeath N91 FH4N** to arrive not later than **4.00pm on 16 June 2026.**

Submissions should be labelled **'LAA1 2026 Active Travel Scheme Cornamaddy to Garrycastle (Route F) Athlone'.**

Written submissions or observations received will form part of a statutory report to be presented to a meeting of Westmeath County Council and will form part of a public document. The information contained in submissions may be available for public inspection on the Council's website and available at the Council's public counter. Details, including the names of those making submissions, may be shared with relevant Council Departments or their agents involved in this Part 8 process.